



Suí iomlánach

A10-0128/2026

6.5.2026

TUARASCÁIL

maidir leis an iarratas ar dhíolúine Nikos Pappas a tharscaoileadh
(2025/2234(IMM))

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Rapóirtéir: Marcin Sypniewski

CLÁR

Leathanach

TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	3
FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE FREAGRACH	5

TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an iarratas ar dhíolúine Nikos Pappas a tharscaoileadh (2025/2234 (IMM))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don iarratas ar dhíolúine Nikos Pappas a tharscaoileadh, a fuarthas i litir dar dáta an 7 Deireadh Fómhair 2025 ó Leas-Phríomh-Ionchúisitheoir Chúirt Uachtarach na Gréige ina raibh iarratas ón Ionchúisitheoir ag Cúirt Chéadchéime na hAithne maidir le himeachtaí coiriúla atá le tionscnamh ina choinne, agus arna fhógairt sa suí iomlánach an 12 Samhain 2025,
 - tar éis éisteacht a thabhairt do Nikos Pappas an 15 Aibreán 2026 i gcomhréir le Riall 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint d’Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d’Airteagal 6(2) d’Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh Fheisirí Parlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,
 - ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019¹,
 - ag féachaint do Riall 5(2), do Riall 6(1) agus do Riall 9 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0128/2026),
- A. de bhrí gur sheol Leas-Phríomh-Ionchúisitheoir Chúirt Uachtarach na Gréige iarratas ón Ionchúisitheoir ag Cúirt Chéadchéime na hAithne ar tharscaoileadh dhíolúine Nikos Pappas, Feisire de Parlaimint na hEorpa arna thoghadh sa Ghréig, i ndáil le maslaí agus bagairtí líomhnaithe ar líne, ar cionta coiriúla iad de bhun Airteagal 94, na chéad abairte agus an dara habairt d’Airteagal 361(1), agus na chéad abairte d’Airteagal 333(1) de Chód Coiriúil na Gréige;
- B. de bhrí, de réir an iarratais, go léirítear sa ghearán go líomhnaítear gur mhaslaigh agus gur bhagair Nikos Pappas an gearánach an 11 Meitheamh 2025 trí theachtaireachtaí díreacha a seoladh trína chuntas pearsanta ar Instagram;
- C. de bhrí gur toghadh Nikos Pappas chuig Parlaimint na hEorpa sna toghcháin Eorpacha i Meitheamh 2024 agus go raibh sé ina Fheisire de Parlaimint na hEorpa tráth na gcionta líomhnaithe; de bhrí, de réir an iarratais, go dtéann an gearán ina choinne siar go dtí an 16 Iúil 2025;

¹ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra v De Gregorio agus Clemente*, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch v an Parlaimint*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C 163/10, ECLI: EU:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch v an Parlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

- D. de bhrí nach ionann an cion líomhnaithe agus tuairim a nocht sé ná vóta a chaith sé agus a dhualgais á gcomhlíonadh aige de réir bhrí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus nach bhfuil baint ag an iarratas dá éis ar dhíolúine Nikos Pappas a tharscaoileadh leis an méid sin;
- E. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 9, an chéad mhír, pointe (a), de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, go bhfuil ag Feisirí Pharlaimint na hEorpa i gcríoch a stáit féin le linn sheisiúin Pharlaimint na hEorpa, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí a bparlaiminte féin;
- F. de bhrí, de réir Airteagal 62 de Bhunreacht na Poblachta Heilléanaí, nach bhféadfar aon Fheisire, le linn a théarma oifige, a ionchúiseamh, a ghabháil, a chur i bpríosún ná a chur faoi réir bearta eile lena mbaineann cailleadh saoirse gan údarú a fháil ó Theach na dTeachtaí;
- G. de bhrí gurb éard is cuspóir don díolúine dá bhforáiltear i bPrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh an Pharlaimint agus a cuid Feisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla i ndáil le gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhlíonadh dualgas parlaiminteach agus nach í féidir a scaradh ó na dualgais sin;
- H. de bhrí, i gcomhréir le Riail 5(2) dá Rialacha Nós Imeachta, nach pribhléid phearsanta í díolúine parlaiminteach don Fheisire, ach gur ráthaíocht í ar neamhspleáchas na Parlaiminte ina hiomláine agus a cuid Feisirí;
- I. de bhrí nár aimsigh an Pharlaimint, sa chás seo, aon fhianaise ar *fumus persecutionis*, is é sin, fíorais a thugann le fios gurb é rún na n-imeachtaí dlíthiúla atá i gceist ná an bonn a bhaint dá ghníomhaíocht pholaitiúil ina cháil mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;
- J. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh uirthi féin, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chúisí²;
1. á chinneadh díolúine Nikos Pappas a tharscaoileadh;
 2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach bonn chuig údaráis inniúla na Poblachta Heilléanaí agus chuig Nikos Pappas.

² breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois v an Pharlaimint*, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266;

**FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH
AG AN gCOISTE FREAGRACH**

Dáta an ghlactha	5.5.2026	
Toradh na vótála críochnaithí	+: 21	
	–: 0	
	0: 0	